

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

► **B****CINNEADH (CBES) 2022/2319 ÓN gCOMHAIRLE****an 25 Samhain 2022****a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití**

(IO L 307, 28.11.2022, lch. 135)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► <u>M1</u>	Cinneadh (CBES) 2023/338 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023	L 47	50	15.2.2023
► <u>M2</u>	Cinneadh (CBES) 2023/1574 ón gComhairle an 28 Iúil 2023	L 192	21	31.7.2023
► <u>M3</u>	Cinneadh (CBES) 2023/2575 ón gComhairle an 13 Samhain 2023	L 2575	1	14.11.2023

**CINNEADH (CBES) 2022/2319 ÓN gCOMHAIRLE****an 25 Samhain 2022****a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí***Airteagal 1*

1. Toirmiscfear soláthar, díol, aistriú nó onnmhairiú díreach nó indíreach arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí míleata agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata agus páirteanna spártha do na daoine agus na heintitis thuasluaite, nó chun tairbhe na ndaoine agus na n-eintiteas sin, arna n-ainmniú ag an gCoiste a bunaíodh le mír 19 de Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (“an Coiste Smachtbhannaí”) ag náisiúnaigh na mBallstát nó ó chríocha na mBallstát nó lena soithí brataí nó lena n-aerárthaí, bíodh siad de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

Liostaítear na daoine agus na heintitis dá dtagraítear sa mhír seo ► **M2** Iarscríbhinn I ◀.

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, oiliúint nó cúnamh eile a sholáthar, lena n-áirítear pearsanra amhais armtha a sholáthar, a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó aon airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a chothabháil nó a úsáid, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nó eintiteas dá dtagraítear i mír 1;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, chomh maith le hárachas agus athárachas, le haghaidh aon díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú arm agus ábhar gaolmhar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nó eintiteas dá dtagraítear i mír 1.

3. Déanfaidh na Ballstáit cigireacht, i gcomhréir lena n-údaráis náisiúnta agus lena reachtaíocht náisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar gach lasta chuig Háítí ar a gcríoch, lena n-áirítear calafoirt agus aerfoirt, má tá faisnéis acu a thugann forais réasúnacha chun a chreidiúint go bhfuil ítimí sa lastas a bhfuil toirmeasc faoin Airteagal seo ar a soláthar, ar a ndíol, ar a n-aistriú nó ar a n-onnmhairiú.

4. Déanfaidh na Ballstáit cásanna ina sáraítear na bearta faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 a thuairisciú don Choiste Smachtbhannaí in am trátha.

5. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh bearta marcála agus clárúcháin leordhóthanacha i bhfeidhm chun airm a rianú, lena n-áirítear mionairm agus armáin éadroma, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, agus chun breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun cúnamh a thabhairt do thíortha comharsanachta, i gcás inarb ábhartha agus arna iarraidh sin dóibh, chun gáinneáil aindleathach agus atreorú aindleathach lena sáraítear na bearta a fhorchuirtear i míreanna 1 agus 2 a chosc agus a bhrath.

▼ **M2***Airteagal 1a*

1. Toirmiscfear soláthar, díol, aistriú nó onnmhairiú díreach nó indíreach arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí míleata agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata agus páirteanna spártha do na daoine agus na heintitis thuasluaite, nó chun tairbhe na ndaoine agus na n-eintiteas sin, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II, ag náisiúnaigh na mBallstát nó ó chríocha na mBallstát nó lena soithí brataí nó lena n-aerárthaí, bíodh siad de thionscnamh a gcríoch nó ná bíodh.

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) cúnamh teicniúil, oiliúint nó cúnamh eile a sholáthar, lena n-áirítear pearsanra amhais armtha a sholáthar, a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata nó aon airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar, a chothabháil nó a úsáid, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nó eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn II;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, lena n-áirítear go háirithe deontais, iasachtaí agus árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, chomh maith le hárachas agus athárachas le haghaidh aon díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú arm agus ábhar gaolmhar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nó eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn II;

3. Déanfaidh na Ballstáit cigireacht, i gcomhréir lena n-údaráis náisiúnta agus lena reachtaíocht náisiúnta agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar gach lasta chuig Háití ar a gcríoch, lena n-áirítear calafoirt agus aerfoirt, má tá faisnéis acu a thugann forais réasúnacha chun a chreidiúint go bhfuil nithe sa lastas a bhfuil toirmeasc faoin Airteagal seo ar a soláthar, a ndíol, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú;

4. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh bearta marcála agus clárúcháin leordhóthanacha i bhfeidhm chun airm a rianú, lena n-áirítear mionairm agus armáin éadroma, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, agus chun breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun cúnamh a thabhairt do thíortha comharsanachta, i gcás inarb ábhartha agus arna iarraidh sin dóibh, chun gáinneáil aindleathach agus atreorú aindleathach lena sáraítear na bearta a fhorchuirtear i míreanna 1 agus 2 a chosc agus a bhrath.

▼ **B***Airteagal 2*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, a chosc i gcás daoine arna n-ainmniú ag an gCoiste Smachtbhannaí mar dhaoine atá freagrach as gníomhaíochtaí nó atá comhpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háití i mbaol, nó a bhí páirteach i ngníomhaíocht den chineál sin, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- (a) dul i mbun gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigin, go díreach nó go hindíreach, nó tacú le gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigean lena bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla a chuireann foréigean chun cinn, lena n-áirítear earcú le forneart leanaí ag grúpaí agus líonraí den sórt sin, fuadach, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, agus dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe;

▼ **B**

- (b) tacú le gáinneáil aindleathach agus atreorú arm agus ábhar gaolmhar, nó sreabha aindleathacha airgeadais a bhaineann leis an méid sin;
- (c) ag gníomhú ar son nó thar ceann duine nó eintitis arna ainmniú i dtaca leis an ngníomhaíocht a thuairiscítear i bpointí (a) agus (b), nó faoi stiúir duine nó eintiteas arna ainmniú i dtaca leis an ngníomhaíocht a thuairiscítear i bpointí (a) agus (b), nó a thugann tacaíocht nó maoiniú dóibh ar shlí eile, lena n-áirítear trí úsáid dhíreach nó indíreach a bhaint as fáлтаis ó choireacht eagraithe, lena n-áirítear fáлтаis ó tháirgeadh aindleathach drugaí agus ó gháinneáil aindleathach drugaí agus a réamhtheachtaithe de thionscnamh Háítí nó iad a bheith ar idirthuras trí Háítí, an gáinneáil ar dhaoine agus trí imircigh a smuigleáil ó Háítí, nó trí smuigleáil arm chuig Háítí nó ó Háítí;
- (d) ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm, nó mar dhaoine a rinne soláthar go díreach nó go hindíreach do ghrúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háítí nó a rinne díol leo nó aistriú dóibh, nó mar dhaoine a fuair airm nó aon ábhar gaolmhar, nó aon chomhairle theicniúil, oiliúint nó cúnamh, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais, a bhaineann le gníomhaíochtaí foréigneacha grúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háítí;
- (e) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh, ar gníomhartha iad lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó gníomhartha ar sárúithe iad ar chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann marú seachbhreithiúnach, lena n-áirítear mná agus leanaí, agus gníomhartha foréigin, fuadach, fuadach forfheidhmithe, nó fuadach le haghaidh fuascailte i Háítí;
- (f) gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú agus sclábhaíocht ghnéasach, a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i Háítí;
- (g) bac a chur ar chúnamh daonnúil a thabhairt do Háítí nó ar chúnamh daonnúil a rochtain nó a dháileadh i Háítí;
- (h) ionsaí a dhéanamh ar phearsanra nó ar áitribh mhisin agus oibríochtaí na Náisiún Aontaithe i Háítí, nó tacaíocht a thabhairt d'ionsaithe den sórt sin.

Liostaítear na daoine dá dtagraítear sa mhír seo ► **M2** Iarscríbhinn I ◄.

2. Ní chuirfear de cheangal le mír 1 ar aon Bhallstát teacht isteach chuig a chríoch féin a dhiúltú dá náisiúnaigh féin.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás inar gá dul isteach nó idirthuras chun próiseas breithiúnach a chomhlíonadh.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina gcinnfidh an Coiste Smachtbhannaí, ar bhonn cás ar chás, an méid seo a leanas:

- (a) údar cuí a bheith le hiontráil nó le hidirthuras ar fhorais riachtanas daonnúil, lena n-áirítear oibleagáid reiligiúnach;
- (b) go ndéanfaidh díolúine cuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta i Háítí a chur chun cinn.

▼ B

5. I gcásanna ina n-údaráíonn Ballstát, de bhun mhír 3 nó 4, teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha do dhaoine a liostaítear ► M2 Iarscríbhinn I ◀, beidh an t-údarú teoranta don chuspóir ar chuige sin a thugtar é agus do na daoine lena mbaineann an t-údarú.

▼ M2*Airteagal 2a*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, a chosc i leith na ndaoine nádúrtha seo a leanas:

(a) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó atá comhpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háítí i mbaol, nó a bhí páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (i) dul i mbun gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigin, go díreach nó go hindíreach, nó tacú le gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigean a bhfuil baint acu le grúpaí armtha agus líonraí coiriúla a chuireann foréigean chun cinn, lena n-áirítear earcú le forneart leanaí ag grúpaí agus líonraí den sórt sin, fuadach, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, agus dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe;
- (ii) tacú le gáinneáil aindleathach ar airm agus atreorú arm agus ábhar gaolmhar, nó sreabha aindleathacha airgeadais a bhaineann leis an méid sin;
- (iii) ag gníomhú ar son nó thar ceann duine nó eintiteas arna ainmniú i dtaca leis an ngníomhaíocht a thuairiscítear i bpointe (i) nó (ii) nó faoi stiúir an duine nó an eintitis sin, nó tacaíocht nó maoiniú a thabhairt dóibh ar shlí eile, lena n-áirítear trí úsáid dhíreach nó indíreach a bhaint as fáлтаis ó choireacht eagraithe, lena n-áirítear fáлтаis ó tháirgeadh aindleathach drugaí agus ó gháinneáil aindleathach drugaí agus a réamhtheachtaithe de thionscnamh Háítí nó a dhéanann idirthuras trí Háítí, an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach ó Háítí, nó smuigleáil agus gáinneáil arm chuig Háítí nó ó Háítí;
- (iv) ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm, nó a sholáthair do ghrúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háítí nó a rinne díol leo nó aistriú dóibh, go díreach nó go hindíreach, nó a fuair airm nó aon ábhar gaolmhar, nó aon chomhairle theicniúil, oiliúint nó cúnamh, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais, a bhaineann le gníomhaíochtaí foréigneacha grúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háítí;
- (v) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar gníomhartha iad lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó gníomhartha ar sáruithe iad ar chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann marú seachbhreithiúnach, lena n-áirítear mná agus leanaí, agus gníomhartha foréigin, fuadach, fuadach forfheidhmithe, nó fuadach le haghaidh fuascailte i Háítí;
- (vi) gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú agus sclábhaíocht ghnéasach, a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i Háítí;
- (vii) bac a chur ar chabhair dhaonnúil a thabhairt do Háítí, nó ar chabhair dhaonnúil a rochtain nó a dháileadh i Háítí;

▼ **M2**

- (viii) ionsaí a dhéanamh ar phearsanra nó ar áitribh thoscaireachtaí an Aontais agus mhisin agus oibriochtaí taidhleoireachta na mBallstát i Háití, nó tacaíocht a thabhairt d'ionsaithe den sórt sin.
- (b) a dhéanann dochar don daonlathas nó don smacht reachta i Háití trí mhí-iompar tromchúiseach airgeadais maidir le cistí poiblí nó onnmhairiú neamhúdaráithe caipitil; nó
- (c) a bhfuil baint acu le daoine nádúrtha arna n-ainmniú faoi phointí (a) agus (b) nó faoi Airteagal 2(1).

Liostaítear daoine dá dtagraítear sa mhír seo in Iarscríbhinn II.

2. Ní chuirfear de cheangal le mír 1 ar aon Bhallstát teacht isteach chuig a chríoch féin a dhiúltú dá náisiúnaigh féin.

3. I gcás ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, beidh mír 1 gan dochar don chás sin, eadhon:

- (a) mar thír óstach eagraíochta idir-rialtasáí idirnáisiúnta;
- (b) mar thír óstach comhdhála idirnáisiúnta a bheidh á tionól ag na Náisiúin Aontaithe nó faoina gcoimirce;
- (c) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí; nó
- (d) de bhun Chonradh Idir-réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil.

4. Beidh feidhm ag mír 3 freisin i gcásanna ina bhfuil an Ballstát ina thír óstach de chuid na hEagraíochta um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip (ESCE).

5. Cuirfear an Chomhairle ar an eolas go cuí faoi gach cás ina dtugann Ballstát díolúine de bhun mhíreanna 3 nó 4.

6. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí ó na bearta a forchuireadh a dheonú faoi mhír 1 i gcás ina mbeidh údar leis ar fhorais an riachtanais dhaonnachtúil phráinnigh, nó ar fhorais go bhfuiltear ag freastal ar chruinnithe idir-rialtasacha nó ar chruinnithe atá á gcur chun cinn ag an Aontas nó á n-óstáil aige, nó atá á n-óstáil ag Ballstát a bhfuil Cathaoirleacht aige ar oifig ESCE, i gcás ina reáchtáiltear idirphlé polaitiúil a chuireann cuspóirí beartais na mbeart sriantach chun cinn go díreach.

7. Féadfaidh na Ballstáit díolúintí a dheonú ó na bearta a forchuireadh faoi mhír 1 más amhlaidh go bhfuil gá le teacht isteach nó le hidirthuras chun próiseas breithiúnach a chomhlíonadh.

8. Tabharfaidh aon Bhallstát ar mian leis díolúintí a dheonú dá dtagraítear i míreanna 6 nó 7 fógra i scríbhinn don Chomhairle ina leith. Measfar an díolúine sin a bheith deonaithe mura ndéanfaidh Ballstát amháin nó níos mó agóid i scríbhinn laistigh de 2 lá oibre tar éis fógra a fháil faoin díolúine atá beartaithe. Má dhéanann Ballstát amháin nó níos mó agóid, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a chinneadh an díolúine atá beartaithe a dheonú.

▼M2

9. I gcás, de bhun mhír 3, 4, 6 nó 7, ina n-údaraíonn Ballstát teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha do dhaoine a liostaítear in Iarscríbhinn II, beidh an t-údarú teoranta go docht don chuspóir ar chuige a thugtar é agus do na daoine lena mbaineann sin go díreach.

▼B

Airteagal 3

1. Na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú díreach nó indíreach ag daoine nó eintiteas arna n-ainmniú ag an gCoiste Smachtbhannaí mar dhaoine nó eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó atá comhpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háití i mbaol, nó a bhí páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- (a) dul i mbun gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigin, go díreach nó go hindíreach, nó tacú le gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigean lena bhfuil baint ag grúpaí armtha agus líonraí coiriúla a chuireann foréigean chun cinn, lena n-áirítear earcú le forneart leanaí ag grúpaí agus líonraí den sórt sin, fuadach, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, agus dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe;
- (b) tacú le gáinneáil aindleathach agus atreorú arm agus ábhar gaolmhar, nó sreabha aindleathacha airgeadais a bhaineann leis an méid sin;
- (c) ag gníomhú ar son nó thar ceann duine nó eintiteas arna ainmniú i dtaca leis an ngníomhaíocht a thuairiscítear i bpointí (a) agus (b) nó faoi stiúir duine nó eintiteas arna ainmniú i dtaca leis an ngníomhaíocht a thuairiscítear i bpointí (a) agus (b), nó a thugann tacaíocht nó maoiniú dóibh ar shlí eile, lena n-áirítear trí úsáid dhíreach nó indíreach a bhaint as fáлтаis ó choireacht eagraithe, lena n-áirítear fáлтаis ó tháirgeadh aindleathach drugaí agus ó gháinneáil aindleathach drugaí agus a réamhtheachtaithe de thionscnamh Háití nó iad a bheith ar idirthuras trí Háití, an gáinneáil ar dhaoine agus trí imircigh a smuigleáil ó Háití, nó trí smuigleáil arm chuig Háití nó ó Háití ;
- (d) ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm, nó mar dhaoine a rinne soláthar go díreach nó go hindíreach do ghrúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háití nó a rinne díol leo nó aistriú dóibh, nó mar dhaoine a fuair airm nó aon ábhar gaolmhar, nó aon chomhairle theicniúil, oiliúint nó cúnamh, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais, a bhaineann le gníomhaíochtaí foréigneacha grúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háití;
- (e) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh, ar gníomhartha iad lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó gníomhartha ar sárúithe iad ar chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann marú seachbhreithiúnach, lena n-áirítear mná agus leanaí, agus gníomhartha foréigin, fuadach, fuadach forfheidhmithe, nó fuadach le haghaidh fuascailte i Háití;
- (f) gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú agus sclábhaíocht ghnéasach, a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i Háití;
- (g) bac a chur ar chúnamh daonnúil a thabhairt do Háití nó ar chúnamh daonnúil a rochtain nó a dháileadh i Háití;
- (h) ionsaí a dhéanamh ar phearsanra nó ar áitribh mhisin agus oibríochtaí na Náisiún Aontaithe i Háití, nó tacaíocht a thabhairt d'ionsaithe den sórt sin;

▼B

nó ag daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann siúd nó faoina stiúradh siúd, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu siúd, déanfar na cistí agus na hacmhainní sin a reo.

Liostaítear ►**M2** Iarscríbhinn I ◀ na daoine nó na heintitis ainmnithe dá dtagraítear sa mhír seo.

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do na daoine ná do na heintitis a liostaítear ►**M2** Iarscríbhinn I ◀, ná ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, chun sochair dóibh.

3. Ní bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 maidir le cistí agus acmhainní eacnamaíocha ar chinn an Ballstát ábhartha an méid seo a leanas ina leith:

- (a) go bhfuil siad riachtanach le haghaidh speansais bhunúsacha, lena n-áirítear íocaíocht le haghaidh earraí bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóireáil leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fóntais phoiblí;
- (b) go bhfuil sé beartaithe leo go n-íocfar táillí gairmiúla réasúnta agus go n-aisíocfar speansais thabhairte a bhaineann seirbhísí dlí a chur ar fáil, nó táillí nó muirir sheirbhíse, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta, agus chuige sin amháin;
- (c) gur ceapadh iad chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí, sócmhainní airgeadais eile agus acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;

tar éis don Bhallstát ábhartha fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí go bhfuil sé i gceist aige, i gcás inarb iomchuí, rochtain ar na cistí sin, ar na sócmhainní airgeadais eile nó ar na hacmhainní eacnamaíocha sin a údarú agus in éagmais cinneadh diúltach ón gCoiste Smachtbhannaí laistigh de chúig lá oibre ón bhfógra sin a fháil.

4. Ní bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 maidir le cistí ná acmhainní eacnamaíocha ar chinn an Ballstát ábhartha an méid seo a leanas ina leith:

- (a) go bhfuil siad riachtanach le haghaidh caiteachas urghnách, ar choinníoll go bhfuil fógra faoin gcinneadh sin tugtha ag na Ballstáit don Choiste Smachtbhannaí agus go bhfuil sé formheasta ag an gCoiste Smachtbhannaí;
- (b) go bhfuil siad faoi réir lian nó breithiúnas breithiúnach, riaracháin nó eadrána, agus sa chás sin, féadfar na cistí, na sócmhainní airgeadais eile agus na hacmhainní eacnamaíocha eile a úsáid chun an lian sin nó an breithiúnas sin a shásamh ar choinníoll go ndearnadh an lian nó gur tugadh an breithiúnas sin roimh an dáta a liostaíodh an duine nó an t-eintiteas ►**M2** Iarscríbhinn I ◀, nach chun tairbhe duine nó eintiteas arna ainmniú ag an gCoiste Smachtbhannaí é, agus gur thug na Ballstáit fógra ina leith don Choiste Smachtbhannaí.

5. Le mír 1, ní chuirfear cosc ar dhuine ainmnithe nó ar eintiteas ainmnithe íocaíocht a dhéanamh atá dlite faoi chonradh a rinneadh sular liostaíodh an duine nó an t-eintiteas sin, ar choinníoll gur chinn an Ballstát ábhartha nach bhfaigheann duine nó eintiteas dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht go díreach nó go hindíreach, agus tar éis don Bhallstát ábhartha fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí go bhfuil sé i gceist aige na híocaíochtaí sin a dhéanamh nó a fháil nó, i gcás inarb iomchuí, dí-reo cistí, sócmhainní airgeadais eile nó acmhainní eacnamaíocha a údarú chun na críche sin, 10 lá oibre roimh an údarú sin.

▼B

6. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir leis an méid seo a leanas a chur le cuntais reoite:

- (a) ús nó tuillimh eile ar na cuntais sin; nó
- (b) íocaíochtaí atá dlite faoi chonarthaí, comhaontuithe nó oibleagáidí a tháinig chun cinn roimh an dáta a tháinig na cuntais sin le bheith faoi réir na mbearta dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2;

ar choinníoll go bhfuil an t-ús sin, na tuillimh eile sin agus na híocaíochtaí sin reoite agus gur faoi réir na mbearta dá bhforáiltear in mír 1 fós atá siad.

▼M1

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a geláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhairreachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;
- (e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó
- (f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gCoiste Smachtbhannaí.

▼M2*Airteagal 3a*

1. Maidir le gach ciste agus acmhainn eacnamaíoch atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go díreach nó go hindíreach ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí:

- (a) atá freagrach as gníomhaíochtaí nó atá comhpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Háití i mbaoil, nó a bhí páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

▼ M2

- (i) dul i mbun gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigin, go díreach nó go hindíreach, nó tacú le gníomhaíochtaí coiriúla agus foréigean a bhfuil baint acu le grúpaí armtha agus líonraí coiriúla a chuireann foréigean chun cinn, lena n-áirítear earcú le forneart leanaí ag grúpaí agus líonraí den sórt sin, fuadach, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, agus dúnbhásuithe agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe;
 - (ii) tacú le gáinneáil aindleathach ar airm agus atreorú arm agus ábhar gaolmhar, nó sreabha aindleathacha airgeadais a bhaineann leis an méid sin;
 - (iii) ag gníomhú ar son nó thar ceann duine nó eintiteas arna ainmniú i dtaca leis an ngníomhaíocht a thuairiscítear i bpointe (i) nó (ii) nó faoi stiúir an duine nó an eintitis sin, nó tacaíocht nó maoiniú a thabhairt dóibh ar shlí eile, lena n-áirítear trí úsáid dhíreach nó indíreach a bhaint as fáлтаis ó choireacht eagraithe, lena n-áirítear fáлтаis ó tháirgeadh aindleathach drugaí agus ó gháinneáil aindleathach drugaí agus a réamhtheachtaithe de thionscnamh Háítí nó a dhéanann idirthuras trí Háítí, an gháinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach ó Háítí, nó smuigleáil agus gáinneáil arm chuig Háítí nó ó Háítí;
 - (iv) ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm, nó mar dhaoine a rinne soláthar go díreach nó go hindíreach do ghrúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háítí nó a rinne díol leo nó aistriú dóibh, nó mar dhaoine a fuair airm nó aon ábhar gaolmhar, nó aon chomhairle theicniúil, oiliúint nó cúnamh, lena n-áirítear maoiniú agus cúnamh airgeadais, a bhaineann le gníomhaíochtaí foréigneacha grúpaí armtha nó líonraí coiriúla i Háítí;
 - (v) gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh ar gníomhartha iad lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó gníomhartha ar sárúithe iad ar chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann marú seachbhreithiúnach, lena n-áirítear mná agus leanaí, agus gníomhartha foréigin, fuadach, fuadach forfheidhmithe, nó fuadach le haghaidh fuascailte i Háítí;
 - (vi) gníomhartha a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear éigniú agus sclábhaíocht ghnéasach, a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i Háítí;
 - (vii) bac a chur ar chabhair dhaonnúil a thabhairt do Háítí, nó ar chabhair dhaonnúil a rochtain nó a dháileadh i Háítí;
 - (viii) ionsaí a dhéanamh ar phearsanra nó ar áitribh thoscaireachtaí an Aontais agus mhisin agus oibriochtaí taidhleoireachta na mBallstát i Háítí, nó tacaíocht a thabhairt d'ionsaithe den sórt sin;
- (b) a dhéanann dochar don daonlathas nó don smacht reachta i Háítí trí mhí-iompar tromchúiseach airgeadais maidir le cistí poiblí nó onnmhairiú neamhúdaraithé caipitil; nó
- (c) atá bainteach le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, le heintitis nó le comhlachtaí arna n-ainmniú faoi phointí (a) agus (b) nó faoi Airteagal 3(1),

déanfar iad a reo.

Liostaítear daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear sa mhír seo in Iarscríbhinn II.

▼ **M2**

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis, nó do chomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II, ná chun a dtairbhe.

3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur mar a leanas atá na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha lena mbaineann:

- (a) go bhfuil gá leo chun freastal ar bhunriachtanais na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus bhaill teaghlaigh chleithiúnacha na ndaoine nádúrtha sin, lena n-áirítear íocaíochtaí as earraí bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais, agus muirir fónais phoiblí;
- (b) gur ceapadh iad chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc agus costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;
- (c) go bhfuil siad ceaptha chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a chothabháil ar bhonn rialta, agus chuige sin amháin;
- (d) gur den riachtanas iad i gcás costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha ag an údarás inniúil d'údaráis inniúla na mBallstát eile agus don Choimisiún maidir leis an bhforas ar a measann sé gur cheart údarú sonrach a dheonú, 2 sheachtain, ar a laghad, roimh an údarú; nó
- (e) go bhfuil siad le híoc isteach i gcuntas misin taidhleoireachta nó chonsalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí aige i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta nó ón gcuntas, a mhéid atá sé ceaptha na híocaíochtaí sin a úsáid chun críocha oifigiúla an mhisin taidhleoireachta nó chonsalaigh nó na heagraíochta idirnáisiúnta.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát údarú a thabhairt cistí reoite nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, ar choinníoll go comhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoi réir cinneadh eadrána a tugadh roimh an dáta a rinneadh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht dá dtagraítear i mír 1 a liostú in Iarscríbhinn II, nó go bhfuil sé faoi réir cinneadh breithiúnach nó riaracháin a tugadh san Aontas, nó cinneadh breithiúnach atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann, roimh an dáta sin nó ina dhiaidh;
- (b) ní bhainfear leas as na cistí ná na hacmhainní eacnamaíocha ach amháin chun éilimh a ráthaítear le cinneadh mar sin a chomhlíonadh nó chun éilimh a aithnítear mar éilimh bhailí sa chinneadh sin a chomhlíonadh, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le dlíthe agus rialacháin is infheidhme lena rialaítear cearta daoine a bhfuil na héilimh sin acu;

▼ **M2**

- (c) ní chun sochair duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta a liostaítear in Iarscríbhinn II é an cinneadh; agus
- (d) níl sé in aghaidh an bheartais phoiblí sa Bhallstát lena mbaineann an cinneadh a aithint.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

5. Ní chuirfear de chosc le mír 1 ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ar eintiteas nó ar chomhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II íocaíocht a dhéanamh atá dlite faoi chonradh nó faoi chomhaontú a rinneadh, nó faoi oibleagáid a tháinig chun cinn, roimh an dáta a liostaíodh an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin san Iarscríbhinn sin, ar choinníoll gur chinn an Ballstát lena mbaineann nach bhfaighidh duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 an íocaíocht, go díreach nó go hindíreach.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir leis an méid seo a leanas a chur le cuntais reoite:

- (a) ús nó tuillimh eile ar na cuntais sin;
- (b) íocaíochtaí atá dlite faoi chonarthaí, comhaontuithe nó oibleagáidí a tugadh i gcrích nó a tháinig chun cinn roimh an dáta a tháinig na cuntais sin le bheith faoi réir na mbearta dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2; nó
- (c) íocaíochtaí atá dlite faoi chinntí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána a tugadh san Aontas nó atá in-fhorfheidhmithe sa Bhallstát lena mbaineann;

ar choinníoll gur faoi réir na mbearta dá bhforáiltear i mír 1 fós atá aon ús den sórt sin, agus tuillimh agus íocaíochtaí eile.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, sócmhainní airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a sholáthar, a phróiseáil nó a íoc, ná maidir le hearraí nó seirbhísí a sholáthar, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil nó go dtacófar le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine i gcás inarb iad na heintitis seo a leanas a thabharfaidh an chabhair agus a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí eile sin:

- (a) na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a gcláir, a gcistí agus a n-eintitis agus a gcomhlachtaí eile, chomh maith lena ngníomhairreachtaí speisialaithe agus a n-eagraíochtaí gaolmhara;
- (b) eagraíochtaí idirnáisiúnta;
- (c) eagraíochtaí daonnúla a bhfuil stádas breathnóra acu le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus comhaltaí na n-eagraíochtaí daonnúla sin;
- (d) eagraíochtaí neamhrialtasacha atá á gcistiú go déthaobhach nó go hiltáobhach agus atá rannpháirteach i bPleananna Freagartha Daonnúla na Náisiún Aontaithe, i bPleananna Freagartha um Dhídeanaithe, in achomhairc nó i mbraislí daonnúla eile de chuid na Náisiún Aontaithe arna gcomhordú ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla;

▼M2

(e) fostaithe, deontaithe, fochuideachtaí, nó comhpháirtithe cur chun feidhme na n-eintiteas a luaitear i bpointí (a) go (d) agus iad ag gníomhú sna cáileanna sin agus a mhéid atá siad ag gníomhú sna cáileanna sin; nó,

(f) gníomhaithe iomchuí eile arna gcinneadh ag an gComhairle.’;

8. Gan dochar do mhír 7, de mhaolú ar míeanna 1 agus 2, agus, maidir le duine nádúrtha nó dlítheanacha, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn II, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá na cistí nó acmhainní eacnamaíocha sin a sholáthar chun cúnamh daonnúil a sheachadadh go tráthúil nó chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha dhaonna.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonófar faoi mhír 1 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

Airteagal 4

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil, an liosta in Iarscríbhinn I a leasú i gcomhréir le cinntí arna ndéanamh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (‘An Chomhairle Slándála’) nó ag an gCoiste Smachtbhannaí.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ó Bhallstát nó ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an ‘tArdionadaí’), an liosta in Iarscríbhinn II a bhunú agus a leasú.

▼B*Airteagal 5***▼M2**

1. I gcás ina n-ainmneoidh an Chomhairle Slándála nó an Coiste Smachtbhannaí duine nó eintiteas, cuirfidh an Chomhairle an duine nó an t-eintiteas sin san áireamh in Iarscríbhinn I. Cuirfidh an Chomhairle a cinneadh, lena n-áirítear forais an liostaithe, in iúl go díreach don duine nó don eintiteas lena mbaineann, más eol an seoladh, nó trí fhógra a fhoilsiú, ar choinníoll go mbeidh deis ag an duine nó ag an eintiteas sin barúlacha a chur i láthair.

1a. Déanfaidh an Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 4(2), lena n-áirítear na forais leis an liostú, a chur in iúl go díreach don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht lena mbaineann más eol an seoladh, nó trí fhógra a fhoilsiú, trína dtabharfar deis don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht sin barúlacha a thíolacadh.

▼B

2. I gcás ina dtíolacfar barúlacha nó i gcás ina dtíolacfar fianaise shubstaintiúil nua, athbhreithneoidh an Chomhairle a cinneadh agus cuirfidh sí an duine nó an t-eintiteas lena mbaineann ar an eolas dá réir sin.

▼ M2*Airteagal 6*

1. Áireofar in Iarscríbhinn I na forais chun na daoine agus na heintitis a liostú dá bhforáiltear ag an gComhairle Slándála nó ag an gCoiste Smachtbhannaí.

2. Áireofar in Iarscríbhinn I freisin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil, an fhaisnéis a chuirfidh an Chomhairle Slándála nó an Coiste Smachtbhannaí ar fáil chun na daoine nó na heintitis lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine nádúrtha, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha agus ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht; uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh; más eol, agus feidhm nó gairm. Maidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí, féadfaidh ainmneacha, áit agus dáta clárúcháin, uimhir chlárúcháin agus áit ghnó a bheith san áireamh san fhaisnéis sin.

3. Áireofar in Iarscríbhinn II na forais chun na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, na heintitis agus na comhlachtaí dá dtagraítear inti a liostú.

4. Áireofar in Iarscríbhinn II freisin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil, an fhaisnéis is gá chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí lena mbaineann a shainaithint. Maidir le daoine nádúrtha, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha agus ailiasanna; dáta breithe agus áit bhreithe; náisiúntacht; uimhreacha pas agus cárta aitheantais; inscne; seoladh, más eol; agus feidhm nó gairm. Maidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí, féadfaidh an méid a leanas a bheith ar áireamh san fhaisnéis sin: ainmneacha; áit agus dáta clárúcháin; cláruimhir; agus áit ghnó.

▼ B*Airteagal 7*▼ M2

1. Próiseálfaidh an Chomhairle agus an tArdionadaí sonraí pearsanta chun a gcúraimí faoin gCinneadh seo a chur i gcrích, go háirithe:

- (a) a mhéid a bhaineann leis an gComhairle, chun leasuithe ar Iarscríbhinní I agus II a ullmhú agus a dhéanamh;
- (b) a mhéid a bhaineann leis an Ardionadaí, chun leasuithe ar Iarscríbhinní I agus II a ullmhú;

2. Maidir le sonraí ábhartha a bhaineann le cionta coiriúla arna ndéanamh ag daoine nádúrtha liostaithe agus le ciontuithe coiriúla nó bearta slándála a bhaineann leis na daoine sin, ní fhéadfaidh an Chomhairle ná an tArdionadaí iad a phróiseáil, i gcás inarb infheidhme, ach amháin a mhéid is gá an phróiseáil sin chun Iarscríbhinní I agus II a ullmhú.

▼ B

3. Chun críocha an Chinnidh seo, ainmnítear an Chomhairle agus an tArdionadaí mar “rialaitheoir” de réir bhrí Airteagal 3, pointe 8, de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, chun a áirithiú gur féidir leis na daoine nádúrtha lena mbaineann a gcearta a fheidhmiú faoin Rialachán sin.

▼ M2*Airteagal 7a*

Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh difear dá bhfeidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, leis na bearta a fhorchuirtear faoin gCinneadh seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht ná aon éileamh eile den sórt sin, mar shampla éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna, ar ráthaíocht nó ar shlánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é gur ceann de na páirtithe seo a leanas a dhéanann an t-éileamh:

- (a) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht arna ainmniú, a liostaítear in Iarscríbhinn II; nó
- (b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhíthin nó thar ceann duine nádúrtha nó dlítheanach, eintitis nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a).

Airteagal 8

1. Déanfar an Cinneadh seo a leasú nó a aisghairm de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle Slándála.

2. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2a(1) agus in Airteagal 3a (1) agus (2) go dtí 29 Iúil 2024 agus coimeádfar faoi athbhreithniú leanúnach iad. Déanfar iad a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a gcuspóirí.

3. Agus athbhreithniú á dhéanamh aici ar bhearta sriantacha arna ndéanamh de bhun Airteagal 2a(1), an chéad fhomhír, pointe (b), agus Airteagal 3a(1), an chéad fhomhír, pointe (b), cuirfidh an Chomhairle san áireamh, de réir mar is iomchuí, cibé an bhfuil nó nach bhfuil na daoine i dtrácht faoi réir imeachtaí breithiúnacha i ndáil leis an iompar ar ina leith a liostaíodh iad.

▼ B*Airteagal 9*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

▼ **M2***LARSCRÍBHINN I*▼ **B****Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 1(1), Airteagal 2(1) agus Airteagal 3(1), agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus Airteagal 3(1)**

DAOINE

▼ **M3**

1. Bhí **Jimmy CHERIZIER** (ar a dtugtar freisin “Barbeque”) ag gabháil do ghníomhartha a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Háítí i mbaol agus rinne sé gníomhartha a phleanáil, a stiúradh, nó a dhéanamh ar shárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine iad. Tá Jimmy Cherizier ar na ceannairí droinge is mó tionchar i Háítí agus is é atá i gceannas ar chomhghuaillíocht de dhrona Háítí ar a dtugtar “G9 Family and Allies” (“Teaghlaigh agus Comhghuaillithe G9”).

Feidhm: Iar-Phóilín**Dáta breithe:** 30 Márta 1977**Áit bhreithe:** Port-au-Prince, Háítí**Náisiúntacht:** Ó Háítí**Uimhir aitheantais náisiúnta:** 001-843-989-7 (NIF – Háítí)**Seoladh:** 16, Imp Manius, Delmas 40 B, Port-au-Prince, Háítí**Dáta ainmniúcháin na Náisiúin Aontaithe:** an 21 Deireadh Fómhair 2022**Faisnéis bhreise ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:**

Agus é ar seirbhís mar oifigeach i bPóilíní Náisiúnta Háítí, rinne Cherizier an t-ionsaí marfach i mí na Samhna 2018 ar shibhialtaigh i gcomharsanacht in Port-au-Prince ar a dtugtar La Saline, a phleanáil agus ghlac sé páirt ann. Le linn an ionsaithe seo maraíodh ar a laghad 71 duine, scriosadh os cionn 400 teach agus rinne dronga armtha éigniú ar sheachtar ban ar a laghad. Le linn 2018 agus 2019, bhí Cherizier i gceannas ar ghrúpaí armtha in ionsaithe comhordaithe brúidiúla i gcomharsanachtaí Port-au-Prince. I mí na Bealtaine 2020, bhí Cherizier i gceannas ar dhrona armtha in ionsaí 5 lá i gcomharsanachtaí éagsúla de chuid Port-au-Prince inar maraíodh sibhialtaigh agus inar cuireadh tithe trí thine. Ón 11 Deireadh Fómhair 2022 ar aghaidh, tá Cherizier agus a chónaidhm de dhrong “Teaghlaigh agus Comhghuaillithe G9” ag cur bac gníomhach ar shaorghluaiseacht breosla ó chríochfort breosla Varreux – an críochfort breosla is mó i Háítí. Chuir a chuid gníomhaíochtaí go díreach leis an bpairilis eacnamaíoch agus leis an ngéarchéim dhaonnúil i Háítí.

▼ M2

IARSCRÍBHINN II

- A. Liosta na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2a(1) agus in Airteagal 3a(1)
- B. Liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3a(1)